# CINNEADH Uimh. 2020/3 Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR

## (Tar éis comhairliúchán le comhaltaí an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh) maidir le Leas-Stiúrthóir Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair [2023/555]

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 30 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2019/2 ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an 28 Eanáir 2019,

Ag féachaint do Chinneadh 2019/3 ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an 5 Meitheamh 2019 maidir leis na Rialacha i dtaca le hEarcú, Dálaí Oibre agus Cothromaíocht Gheografach fhoireann Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail,

Ag féachaint do choncluídí comhaontaithe chruinniú an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh an 18 Bealtaine 2020 agus don chomhairliúchán ina dhiaidh sin leis an gComhairle Aireachta chomh maith le concluídí an 8ú cruinniú den Choiste Stiúrtha Réigiúnach an 30 Meitheamh;

TAR ÉIS A CINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal*

Ceaptar Ljuba Siljanoska ina Leas-Stiúrthóir ar an mBuanrúnaíocht.

*Airteagal 2*

Is é suíomh Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, Masarikova 5, 11000 Béalgrád (an tSeirbia) áit an phoist.

*Airteagal 3*

Tugtar an ceapachán i gcrích ar feadh tréimhse 36 mhí, ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh seo agus féadfar é a athnuachan dhá uair ar a mhéad.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2020.

Arna dhéanamh i Sairéavó, an 6 Iúil, 2020.

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*

*An tUachtarán*